Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**10020/25 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0413 (COD)**

**AGRI 260**
**FORETS 39**
**ENV 490**
**AGRILEG 95**
**CODEC 766**
**IA 65**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha athléimneacha<br>*- Cur chuige ginearálta*<br>*= Ráiteas* |

**Ráiteas comhpháirteach ón Ostair, ón bhFionlainn, ón Laitvia, ón tSualainn agus ón tSlóivéin**

Aontaíonn an Ostair, an Fhionlainn, an Laitvia, an tSualainn agus an tSlóivéin go bhfuil sé tábhachtach faisnéis inchomparáide chomhsheasmhach a chur ar fáil maidir le staid agus úsáid foraoisí san Aontas chun rannchuidiú leis an mbithgheilleagar, an t-athrú aeráide a chomhrac, an bhithéagsúlacht a chosaint agus, ar an gcaoi sin, athléimneacht fhoriomlán na bhforaoisí a neartú. Ó thús na caibidlíochta, chuir an Ostair, an Fhionlainn, an Laitvia, an tSualainn agus an tSlóivéin in iúl go soiléir nach mór na cuspóirí agus na tairbhí a bhaineann le gníomh dlí ceangailteach a bheith dírithe ar bhreisluach iarbhír ar leibhéal an Aontais, agus costais bhreise agus ceanglais dhíréireacha á seachaint agus, ag an am céanna, imthosca náisiúnta agus córais náisiúnta sheanbhunaithe faireacháin ar fhoraoisí á gcur san áireamh go hiomlán, mar chuid de chur chuige ón mbun aníos. Thairis sin, ní mór cáilíocht agus slándáil na sonraí foraoise a chaomhnú, go háirithe maidir le sonraí oibríochtúla íogaire agus an chosaint is gá ar shuíomh dháileachtaí talún samplála na bhfardal náisiúnta foraoise.

Le blianta fada anuas, tá córas feidhmiúil faireacháin ar fhoraoisí ar bun ag an Ostair, an Fhionlainn, an Laitvia, an tSualainn agus an tSlóivéin bunaithe ar fhardal foraoise cuimsitheach agus léirmhíniú cuimsitheach ar thomhais mar fhaisnéis arna dhéanamh ag saineolaithe náisiúnta inniúla. Áirítear leis an gcomhar rathúil idir na fardail náisiúnta foraoise, thar aon ní eile, comhchuibhiú sonraí foraoise. Tá Ballstáit an Aontais leabaithe chomh maith céanna sa chóras idirnáisiúnta tuairiscithe le cur i láthair tréimhsiúil ar staid na bhforaoisí (eadhon measúnú ar acmhainní foraoise agus staid fhoraoisí na hEorpa faoi phróiseas Forest Europe).

Ba é toradh na hoibre crua a rinne an Uachtaránacht seo agus na hUachtaránachtaí roimhe seo an téacs comhréitigh, ar tháinig feabhas suntasach air i gcomparáid leis an togra tosaigh agus meastar gur céim sa treo ceart é. Baineann sé sin go háirithe leis an gcur chuige ón mbun aníos atá bunaithe ar shonraí foraoise náisiúnta, le scriosadh léarscáileanna atá sainráite ó thaobh na geografaíochta de, le haonaid foraoise, le táscairí áirithe agus le forálacha a bhaineann le pleananna bainistithe foraoise a fhágáil ar lár.

Mar sin féin, tá roinnt príomhghnéithe fós ann a bhainfeadh tairbhe, dar linne, as soiléiriú breise. Baineann sé sin go bunúsach leis an ngá atá le gníomh dlí maidir le prionsabal na coimhdeachta agus na comhréireachta a chosaint, an sainmhíniú ar fhoraoisí, an gá atá le táscairí aonair mar shampla foraoisí príomhúla agus foraoisí seanfháis a scriosadh, chomh maith le líon agus raon feidhme na ngníomhartha tarmligthe. Is ábhar imní ar leith iad na gníomhartha tarmligthe sin, ós rud é go bhféadfadh úsáid fhorleathan gníomhartha tarmligthe an bonn a bhaint de phrionsabal na coimhdeachta agus cinntí faoi inniúlacht na mBallstát a aistriú uathu. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thabhairt faoi deara ní hamháin go mbeidh sé ina ábhar imní ó thaobh an dlí de gníomhartha tarmligthe a chur san áireamh, ach gur mór an dóchúlacht freisin go dtiocfaidh méadú suntasach ar na costais cur chun feidhme do na Ballstáit dá mbarr.

Glacann an Ostair, an Fhionlainn, an Laitvia, an tSualainn agus an tSlóivéin leis go ndéanfar tuilleadh plé ar na saincheisteanna thuasluaite sa phróiseas caibidlíochta atá romhainn agus go dtabharfar aghaidh go leordhóthanach ar na príomhábhair imní sin mar aon le simpliú breise.